

JOE HEDDY

Joe Heddy, séard a bhí ann fear searbháil próiseanna ag Guinness. I gConga a bhí sé ina chomhnaidhe nó in aice leis. Bhí fear íoctha le n-a mharú ag an Léig. Tháinig se lá a' déanamh na searbhála ar Mhullach an Droma. An fear a bhí íoctha lena mharbhú bhí sé roimhe ar an mbóthar in áit uaigneach ar thórainn na Cloiche Brice agus Bhaile Liúnach. Tháinig an searbhálaidhe ar charr, é féin agus stócach de mhac dó. Nuair a tháinigedar go dtí ceann a' bhóithrín d'fhágadar an carr agus an tiománaidhe annsin ar an mbóthar agus shiubhladar isteach a' baile. Chuaidh an searbhálaí ag an gcéad teach, teach Mhaitís Uí Chiaragáin. Bhí súil ag fir a' bhaile leis, bhíodar a' faire air dearbhtha. Bhí trifle is dóchaidhe ólta aca. Nuair a chonnaic Heddy go rabhadar le n-a mharbhú séard dubhairt sé, "is cuma liom cén úsáid a bhéarfaidh sibh dom féin ach na marbhuigí an gasúr."

Chaitheadar an bheirt ar an tsráid agus bhí fuil ar fud na sráide. Tháinig mná an bhaile agus ghlanadar an tsráid. Sguab siad í agus dhórtadar uisge uirthé gur nigh siad í. Thug na fir leofa Heddy agus an stócach agus chuireadar síos i mála iad. Chuir siad rópa faoi n-a lár agus fuair leac mhór de chloch agus cheangail siad an rópa uirthé. Thugadar leof amach i mbád iad i Loch Measg agus sgaoil siad go tóin an locha iad in aice le Oileán an Iarla.

Chuala an cairréara na hurchair dá gcaitheamh. Bhí baramhail mhaith aige annsin go raibh Heddy marbh. D'iompugh sé a charr agus tháinig sé anuas Tír an Fhaidh isteach Corr na Móna gur thóg sé an bóthar isteach go Conga agus rinne sé sgéala leis na póilís annsin. Bhí sé i bhfoisgeacht trí mhíle don Fháirche ar an mbóthar ó thuaidh san am ar chuala sé na hurchair ach ní dheacha sé go dtí na póilís sa bhFáirche. Níl fhios an lé faitchíos a thóg sé an bóthar ó dheas, nó le ionbhadh a thabhairt don dream a raibh Heddy marbh aca glanadh leofa. Bhí neart ionbhadh aca an tsráid a ghlanadh shul a raibh sgéala déanta aige le póilís Chonga. An fear a bhí íoctha agus a tháinig ón Léig le Heddy a mharbhú ní fear den áit é. D'imthigh sé aríst agus níor gabhadh é.

Tháinig na póilís agus thosuigheadar a' cuartú go bhfuighidís beo nó marbh é. Chaitheadar seachtain a' tóraidheacht croc agus gleannta agus garrdhanta sul dá ndeachaidh siad ar an loch dá chuartú. Bá é an tríomhadh lá nó an ceathramha lá ar an loch dá dreagáil s fuaradar é. Bhí sgata mór gabhtha faoi. Bhí Maitias Ó Ciarragáin agus Ó Muireáin gabhtha. Bhídís dá leigean amach agus dá ngabháil arís. Nuair a bhí cinnte ortha fiadhnaise ar bith a fhágáil leigedar abhaile ar fad iad ach Maitias Ó Ciarragáin. Nuair a chonaic bean Mhaitís go raibh siad siad ar fad leigthe amach agus a fear féin istigh nach ndearna tada chuaidh sí agus thug sí sgéala do na póilís. Annsin gabhthas Pádraic Ó hUiginn agus Ó Maicín agus crochadh an bheirt sin. Bhí beirt eile imighthe.

Bhí Seán Seoige ar cheann de na fir a bhí dá mharbhú. Tháinig sé chomh fada le mo theach lá de na laethanta a bhí na póilís a'cuartú sa loch. Dubhairt sé le mo dhreatháir, "mara

bhfágá siad i mbárach é, ní bhfuighfidh siad choidhchin é. Chuaidh siad faoi dhó thairis cheana agus ní bhfuair siad é.”

An Breathnach: “Sé cóir Dé é má fáightear greim oraí nach ndearna an rud a húrú libh a dhéanamh.”

Seán Seoige: “Tá an bheirt eile dearbhtha crochta ach tá mise ag imtheacht anois agus níla on seans go bhfuighfidh siad greim orm.”

D’imthigh sé agus chuaidh sé go Meireacá. Chuaidh sé ag baint ghuaile faoin talamh agus ní blianta fada a bhí sé gur marbhuigheadh thíos faoin talamh é féin. D’imthigh an fear eile go hAlbain agus d’fan sé ann go raibh chuile rud fuaruighthe agus go raibh an sean-set caillte. Tháinig sé abhaile annsin. Bhí mé a’ caint leis seacht nó ocht de bhlianta ó shoin.

12/10/37